C/2025/1316

13.3.2025

P9_TA(2024)0208

An Chomhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (FLEGT) (COM(2023)0383 – C9-0035/2024 – 2023/0222(NLE))

(Toiliú)

(C/2025/1316)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle (COM(2023)0383),

— ag féachaint don dréacht-Chomhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí maidir le foraoisí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid agus táirgí díorthaithe chuig an Aontas Eorpach (12902/2023),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(3), an chéad fhomhír, Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus Airteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0035/2024),

— ag féachaint do rún neamhreachtach uaithi an 10 Aibreán 2024 ([1]) maidir leis an togra le haghaidh cinneadh,

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0136/2024),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht an Chósta Eabhair.

([1]) Téacsanna arna nglacadh an dáta sin, P9_TA(2024)0209.